Eagrán 15

JCToday

Meitheamh 2019




an t-eagrán seo

Ceannairí Scoile ag machnamh ar Leasú na Sraithe Sóisearaí l.2
Seimineáir Ghréasáin l.5
Imeachtaí Siompóisiam d'Ábhair agus do Ghearrchúrsaí l.6
Ceardlanna Ceannaireachta l.9
Tacaí 19 / 20 don Scoil Uile l.10


## Seimineáir Ghréasáin

San eagrán seo de *JCToday* gheobhaidh tú naisc chuig na seimineáir ghréasáin is deireanaí againn chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile thar réimsí éagsúla den tSraith Shóisearach. Mheall ár gcuid seimineár i mbliana (2018 / 2019) suas le 5,000 múinteoir. Tá seimineáir ghréasáin ag éirí níos coitianta anois agus beimid ag obair go dian lena ndéanamh níos tarraingtí arís in 2019 / 2020. Cliceáil ar na naisc thíos le teach tar roinnt de na hacmhainní úsáideacha seo.


Aonaid Foghlama a Bhaineann le Treoir




Réimsí Foghlama Eile sa tSraith Shóisearach a Fhiosrú




Tuismitheoirí a Thabhairt Isteach sa tSraith Shóisearach




## Fáilte



Coimeádfar cuimhne ar an scoilbhliain 2018/2019 mar bhliain thábhachtach i stair SSM. Tar éis do na sonraíochtaí ábhar sa tSraith Shóisearach nua a bheith seolta diaidh ar ndiaidh le roinnt blianta anuas, bhí na foirne uile faoi seach in áit againn féin i mbliana.

Bhí 117 iasachtaí lánaimseartha ag obair leis an eagraíocht againn i mbliana, agus corradh le 300 Comhlach páirtaimseartha ar ceannairí scoile agus múinteoirí lánchháilithe agus lán taithí iad uile. Is mian liom an deis seo a thapú le buíochas a ghlacadh lenár bhfoireann go léir a d'oibrigh go dian díograiseach i mbliana chun clár cuimsitheach de FGL ardchaighdeáin múinteoirí a phleanáil, a dhearadh, a sceidealú agus a éascú do scoileanna ar fud na tíre.

Beidh sé soiléir ó na figiúirí an méid ollmhór oibre a rinne SSM i mbliana. Ar ár gcuid laethanta FGL don Scoil Uile chas muid le 31,566 múinteoir, agus ag na himeachtaí cnuasach scoile bhí muid ag plé le tuairim is 29,106 múinteoir. I dtaca le soláthar laethanta FGL i mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair anuraidh do mhúinteoirí a raibh an dara hábhar teagaisc acu, rinne suas le 8,760 múinteoir freastal, agus d'fhreastail 1,777 Príomhoidí agus leas-Phríomhoidí scoile ar ár gceardlanna ceannaireachta le linn 2018 / 2019. Bhuail ár bhfoireann CFL1 /L2 le 1,692 múinteoir aonair, agus i dtaca leis na deiseanna ar FGL roghnach, lena n-áirítear ETI(E)M, Ealaíona sa tSraith Shóisearach, Códú, seimineáir ghréasáin agus siompóisiamaí, mealladh an líon dochreidte 7,263 múinteoir. Le gach ceannaire scoile agus gach múinteoir a ghlac páirt inár FGL i mbliana, níl le rá again go díreach ach Go Raibh Maith Agaibh.

Tá muinín again go bhfuil ár gcuid oibre ag déanamh difríochta i dtaca leis an tacaíocht a fhaigheann scoile chun an Creat don tSraith Shóisearach a leabú sa chóras. Feicimid é sin ón teagmháil leanúnach a bhíonn againn le scoileanna agus múinteoirí, agus lenár gcomhpháirtithe oideachais, chomh maith leis na cuairteanna scoile a bhíonn againn agus an t-aiseolas a fhaighimid. Ní thugtar sa Nuachtlitir seo ach blaiseadh beag dár scéal in 2018 / 2019, tá súil agam go dtaitneoidh sé libh léamh faoi. Tá pleananna móra in áit againn do 2019/2020, agus táimid réidh le tabhairt faoi na dúshláin uile atá amach romhainn an chead bhliain eile.

**An Dr. Pádraig Kirk, Stiúrthóir, FGL don tSraith Shóisearach**

## ETI(E)M

***Is tionscnamh FGL roghnach é ETI(E)M a sholáthraíonn an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) in ionaid éagsúla ar fud na tire, i gcomhar le páirtnéirí oideachais for-rochtana i réimsí an ETIM agus na nEalaíon.***

Ceithre mhí, fiche seacht n-ionad, seacht dtír déag, aon pháirtnéir déag agus ceithre chéad tríocha a seacht múinteoir níos moille, chuir muid críoch lenár n-eispéiris foghlaim ghairmiúil (EFG) do 2018 / 19. Ba mhór an pléisiúr dúinn a bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe agus lenár múinteoirí uile ar fud na tire.

Tharla na chéad chéimeanna eile Dé Máirt 16 Bealtaine nuair a thosaigh muid a fhorbairt ETI(E)M i gclár 2019/20 den tSraith Shóisearach. Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh ár bpáirtnéirí chuig an lá foghlaim ghairmiúil seo a bhí lán le beocht chruthaitheach!




Cliceáil ar an íomhá le haghaidh gearrfhíseáin de chlár nab bliana seo.

An mian leat a bheith ar an eolas faoi fhorbairtí amach anseo in ETI(E)M na Sraithe Sóisearaí? Cláraigh lenár liosta seoltaí anseo.

# Ceannairí Scoile ag Machnamh ar Leasú na Sraithe Sóisearaí

## Coláiste Pobail Bhaile Lotrail
## Luttrellstown Community College

**Príomhoide: Fionnuala Ní Chaisil**



*“Oibrímid go han-dlúth leis an mbainistíocht lair chun an tSraith Shóisearach a dhaingniú le cinntiú go mbíonn na tacaí uile atá ar fáil inrochtana ag ár bhfoireann go léir. Is mór an tairbhe do bhainisteoirí agus do mhúinteoirí araon comhlach de chuid SSM a bheith ar an bhfoireann againn de réir mar a thagann gach ábhar i bhfeidhm”.*

*“I gColáiste Pobail Bhaile Lotraíl rithimid an clár TASK (Múinteoirí ag Roinnt Eolais go Fonnmhar) agus bíonn póstaer TASK ag múinteoirí ar an doras ag iarraidh ar chomhghleacaithe bualadh isteach le linn an chleachta agus cleachtas gairmiúil a roinnt, agus is dóigh iontach í sin chun eolas a roinnt agus chun comhoibriú”.*

*“Tar éis a lán plé, tógaimid measúnuithe Théarma 1 do scoláirí na chéad bhliana agus an dara bliain thar tar na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) agus cé go bhfuil ár measúnuithe samhraidh tógtha thar tar na MRBnna freisin, bainimid úsáid chomh maith as measúnuithe scríofa ranga do gach bliainghrúpa.*

*D’athraigh sé sin ár straitéis thraidisiúnta mheasúnaithe ó bhonn. Bímid ag athbhreithniú na n-athruithe seo i gcónaí chun an t-eispéireas foghlama is fearr ar fad a chinntiú dár scoláirí”.*

*“Oibrímid go dian lena chinntiú go mbíonn ár gcuraclam éagsúil agus go bhfreagraíonn sé do riachtanais ár scoláirí. Trí idirphlé le múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí tá curaclam ag an tSraith Shóisearach againn anois a bhfuil muid bródúil as a léiríonn riachtanais ár gcuid scoláirí agus atá déanta lena leas a chinntiú. Breathnaímid an curaclam ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbítear ag freagairt do na riachtanais sin.”*

*“Is léir sna foirne a fheicimse ag obair i seomraí ranga go mbíonn na scoláirí gafa lena gcuid foghlama. Bíonn seansanna ag scoláirí taighde, anailís, láithriú agus plé a dhéanamh thar na réimsí ábhar, agus spreagann sé sin múinteoirí le bheith ag roinnt modheolaíochtaí teagaisc agus straitéisí teagaisc. Is féidir an fhoghlaim ghníomhach sin a fheiceáil agus a chloisteáil ag tarlú ar fud na réimsí difriúla ábhar. Leis an am gairmiúil, is féidir le múinteoirí comhoibriú níos mó anois chun am pleanála agus cruinnithe foirne a shocrú. Is léir go bhfuil i bhfad níos mó dialóg ghairmiúil ag titim amach”.*

*“Ceann de na hathruithe is mó dúinne na cineálacha difriúla measúnaithe a leabú inár gcleachtas. Fuair muid amach go mbíonn scoláirí iontach ag míniú dá dtuismitheoirí na hathruithe atá sa tSraith Shóisearach nua.*

*Is breá le scoláirí a bheith bainte lena gcuid foghlama féin, is breá leo cur i láthair a dhéanamh, is breá leo a bheith ag obair i bhfoirne, is rud nádúrtha acu é. Mar sin, is iad na scoláirí a chabhraigh linne a mhíniú do thuismitheoirí cad é atá i gceist leis an tSraith Shóisearach agus an dóigh a bhfuil sé níos fearr agus níos suimiúla dóibh le bheith ag foghlaim. Nuair a bhíonn scoláirí sona faoina n-eispéiris foghlama, is fusa ag tuismitheoirí glacadh agus tacú leis an athrú”.*

*“Ceiliúrann Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) foghlaim agus eispéiris scoláirí ar dhóigh ata úr agus taitneamhach. D’aontaigh muid mar fhoireann gur sealbhóirí poist a eagróidh cruthú an PGSS i gcomhar lenár bhFoireann Chúraim. Maidir le “Réimsí Eile Foghlama”, bíonn ár gcinn bhliana ag obair le hoidí i ngach bliainghrúpa sa tSraith Shóisearach ag tiomsú na n-eispéireas foghlama. Ón gCéad Bhliain, úsáidimid scarbhileoga ina mbíonn taifead ar rannpháirtíocht gach scoláire do gach bliain sa tSraith Shóisearach agus tugtar é sin ar fad le chéile ag deireadh an tríú bliain. Faoi threoir a múinteora féadann scoláirí a n-eispéiris foghlama a athbhreithniú agus a dtaifead a nuashonrú agus iad ag cur thrí bliana na Sraithe Sóisearaí dóibh”.*

*“Tar éis comhairliúcháin leis an bhfoireann agus lenár bhfoireann Folláine, d’aontaigh muid ar dhul i ‘modh folláine’ gach Aoine, tréimhse a cheathair. Tá tréimhse amháin sa tseachtain nuair a fhágaimid gach rud le cuimhneamh ar fholláine. In amanna smaoinímid ar bhia sláintiúil, easpa chodlata nó aclaíocht. Luann an fhoireann ióga agus cluichí sacair laistigh gan trácht ach ar bheagán.”*

# Ceannairí Scoile ag machnamh ar leasú na Sraithe Sóisearaí

## Coláiste Virginia an Cabhán




*"Chun cabhrú leis an tSraith Shóisearach nua, bhí cruinniú eolais againn le tuismitheoirí inar dhírigh muid ar ghnéithe éagsúla den leasú.*

*Thug muid rannpháirt do na tuismitheoirí i gcruthú ár gcuraclaim. B'éigean dúinn bogadh ó aon ábhar déag go curaclam a bhí oiriúnach don tSraith Shóisearach nua. Ghabh muid orainn féin tuismitheoirí agus scoláirí a thabhairt isteach sa phróiseas seo agus tugadh suirbhé dóibh ar an rogha gearrchúrsaí agus ábhair roghnacha. Tar éis an phróisis chomhairliúcháin sin, bhí naoi n-ábhar againn agus dhá ghearrchúrsa - Códú agus Corpoideachas".*

*"Bhog muid i dtreo ceachtanna aon uaire agus ní fhéadfadh sé sin tarlú gan comhoibriú na mball foirne agus na ranna ábhar. Phléigh muid na hathruithe féideartha sin ar an gclár ama leis na tuismitheoirí agus leis na scoláirí freisin. Dá thoradh sin, d'oibrigh múinteoirí le chéile ag aontú ar phleananna ábhar agus ar an gcaoi ab fhearr struchtúr nua an chláir ama a úsáid. B'éigean do mhúinteoirí aontú conas a bhí siad ag dul a thabhairt faoi na torthaí foghlama agus cé na straitéisí a d'úsáidfí le cinntiú go mbeadh teagasc agus foghlaim éifeachtach ag tarlú. Chun cabhrú leis an bpróiseas comhoibríoch sin, thug muid isteach Microsoft ONENOTE a ligeann do mhúinteoirí oibriú go comhoibríoch, iad féin nó ar líne, agus acmhainní a chomhroinnt".*

*"I dtaca le measúnú agus le tuairisciú, déanaimid cinnte de go mbíonn tuismitheoirí ar an eolas. Cinntímid go mbíonn eolas ar tuismitheoirí ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) agus cad é a chlúdaítear faoi "Réimsí Eile Foghlama". Mar fhoireann, chinn muid le déanaí nach mbeadh ar thuairiscí na chéad bhliana ach tráchtanna. Táimid i mbun próisis freisin ina gcuirfear Measúnuithe Rangbhunaithe in áit scrúduithe deireadh téarma. Dá thairbhe sin, tugtar tuairisc do thuismitheoirí de réir mar a chríochnaíonn scoláirí na MRBnna. Ina theannta sin, chun cabhrú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim spreagaimid ár scoláirí freastal ar chruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí lena dtuismitheoirí / caomhnóirí. Sa chomhthéacs sin, agus mar is cuí, iarrtar ar scoláirí an comhrá a thosú faoina gcuid foghlama".*

*"Ta athrú mór ar an leagan amach atá ar ár seomraí ranga le taobh mar a bhí siad cúpla bliain ó shin. Is é an rud a tharla go mbíonn scoláirí ag obair go comhoibríoch anois, i gcuideachta a chéile, ag roinnt a gcuid eolais agus foghlama lena chéile. Is léir go bhfuil níos mó rannpháirtíochta acu lena bpiaraí agus gur mó an fhreagracht a ghlacann siad as a gcuid foghlama féin".*

*"Tá baint againn freisin le clár Ceannaireacht Dhigiteach. Baineann bunús ár múinteoirí úsáid as gairis dhigiteacha ina seomraí ranga. Cabhraíonn ár gceannairí digiteacha leis sin trí chomhoibriú agus trí chomhairle a chur ar chomhghleacaithe agus ar scoláirí maidir le straitéisí éifeachtacha is féidir a úsáid sa seomra ranga".*

*"Tá dúshláin ag baint leis na MRBnna a chur ar an gclár ama. Ta sé ríthábhachtach dul i gcomhairle le ranna ábhar sa phróiseas seo. Nuair a bhíonn an próiseas sin críochnaithe, cuirimid scoláirí agus tuismitheoirí ar an eolas faoinár bhféilire measúnaithe. Chun a chinntiú go mbíonn a fhios ag gach duine sa scoilphobal againn cén uair a bhíonn na measúnuithe ag tarlú chuir muid ár bhféilire measúnaithe ar líne ag úsáid Office 365. Is féidir leis an scoilphobal uile feiceáil cén uair a bhíonn bliainghrúpaí ag dul de MRBnna nó de mheasúnuithe eile sa seomra ranga".*

*"Tá an-éifeacht ag dul leis an daichead nóiméad d'am gairmiúil a tugadh isteach óir ligeann sé do mhúinteoirí agus do ranna ábhar teacht le chéile ag am a oireann dóibh le díriú ar a bpleanáil ábhair agus ar a gcleachtas gairmiúil".*

# Ceannairí Scoile ag machnamh ar leasú na Sraithe Sóisearaí

"Is turas bóthair dúinne é leasú na Sraithe Sóisearaí agus tá píosa fada siúlta againn. Is ag iarraidh gach duine a thabhairt linn ar an turas sin, sin é atá i gceist againne a dhéanamh.

Éilíonn na hathruithe a bhaineann leis an tSraith Shóisearach iompú cultúrtha_sa chaoi a mbímidne ag teagasc agus a mbíonn scoláirí ag foghlaim. Tá na ranganna aon uaire agus an fhoghlaim ghníomhach ag tabhairt torthaí iontacha ar bhealach an-sláintiúil agus bíonn scoláirí ag baint níos mó sult as a gcuid foghlama agus níos éifeachtaí agus iad ag dul i gceann gníomhaíochtaí ranga.

Thug muid isteach ranganna aon uaire cúpla bliain ó shin agus rinne muid a lán oibre ar mhodheolaíochtaí teagasc gníomhach. Dhírigh muid ar straitéisí teagaisc agus foghlama leis an bhfoireann agus bhí sé an-tairbheach".

"Ar na gnéithe is fearr a bhaineann leis an leasú seo, áirím an comhoibriú idir baill foirne, agus tá ardleibhéal foghlaim ghníomhach ann anois rud nach mbíodh amhlaidh. Tá folláine an-tábhachtach dúinne agus aithnítear é sin sa churaclam nua againn. Shuigh muid síos mar fhoireann agus d'aontaigh gurbh é sin an cheist a ba thábhachtaí le fáil mar is ceart. Má tá meabhairshláinte scoláire maith, is fearr a bheas siad ag foghlaim."

"Ceann de na dúshláin dúinne is ea na tuismitheoirí a bheith páirteach i leasú na Sraithe Sóisearaí, go háirithe i dtaca le cleachtais úra mheasúnaithe agus tuairiscithe. De bhrí go bpléann ár scoláirí a gcuid eispéiris ranga agus foghlama leo áfach, tugann sin tuiscint fhíor agus shoiléir dóibh ar a mbíonn ar siúl taobh istigh den seomra ranga".

**Pobalscoil Inbhear Scéine**

"Tá sé fíorthábhachtach tuismitheoirí a choimeád ar an eolas. Ba é an nós gur le gráid agus céatadáin a dhéanfaí tuairisciú agus ba chosúil go mbíodh bunús na dtuismitheoirí sásta leis sin. Táimid ag bogadh anois i dtreo aiseolas níos foirmithí ar bhonn leanúnach. Bhí muid ag obair ar mheasúnú foirmitheach ar feadh na mblianta agus cé go bhfuil measúnú suimitheach fós ann i rith na bliana, is é an dúshlán an da chineál a thabhairt le chéile agus an cultúr a bhogadh chun cinn le heispéireas foghlama níos fearr a thabhairt do na scoláirí.

Bíonn tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí i dtaca leis sin de, agus is é an dúshlán ata ann teacht ar chomhréiteach, agus ag an am céanna bogadh chun cinn lenár measúnú agus lenár dtuairisciú".

"Tá na tacaí SSM iontach cuidiúil, go háirithe na laethanta ceannaireachta. Tugann an FGL sin deis do cheannairí scoile suí siar ar feadh lae agus machnamh ar an gcaoi a bhfuilimid ag neadú an leasaithe agus cloisteáil faoin dea-chleachtas i scoileanna eile. Tá na hacmhainní ar líne an-mhaith dó sin".

"Tá na leibhéil fuaime difriúil anois, ach tarlaíonn sé sin i dtimpeallacht thacúil seomra ranga. Is féidir dul thart ar sheomraí ranga ina mbíonn scoláirí ag plé le hobair ghrúpa nó le hobair ghníomhach. Bíonn beocht san atmaisféar agus tá sé sin an-soiléir ina lán seomraí ranga".



**Príomhoide: Dermot Healy**

"Is dúshlán i gcónaí e an clár ama. Ach is dúshláin úra agus iontacha dúinn, Folláine agus cúrsaí nua, amhail Códú don chéad bhliain, a leabú sa chlár ama.


Ba mhian linn ár gcuraclam a leathnú chun go mbeadh rogha níos fearr ag scoláirí. Bogadh roinnt de na croí-ábhair thraidisiúnta againn chuig bandaí rogha ionas go mbeadh áit ann do ghearrchúrsaí agus lenár gclár Folláine a éascú. D'éirigh linn sa mhéid sin, cé nach raibh sé furasta.


Bhí sé fíorthábhachtach go raibh baint mhór ag idir fhoireann agus thuismitheoirí leis sin agus muid ag síor-athbhreithniú ár gcuraclaim. Le cinntiú go mbíonn blaiseadh ag scoláirí ar gach ábhar bíonn clár samplála againn leis na roghanna uile sa chéad bhliain. Taitníonn sé sin go mór le scoláirí agus le tuistí".

"Is bunrudaí iad an measúnú agus an tuairisciú. D'athraigh muid ár gcóras faisnéis bhainistíochta (MIS) le déanaí agus rinne infheistiú in ardán eile chun pleanáil chomhoibríoch a chothú i measc na foirne. Tugann sé sin níos mó deiseanna dúinn leis na nuastraitéisí measúnaithe agus tuairiscithe seo againn a nascadh. Níl muid ach ina thús agus is próiseas leanúnach a bheas ann".

# Seachtainí de Sheimineáir Ghréasáin

Is é a bhí sna Seachtainí Seimineár Gréasáin againn fiche trí Seimineár Ghréasáin a éascaíodh idir 25 Márta agus 11 Aibreán.   Le blianta beaga anuas, tá an-tóir ar na hacmhainní seo i measc múinteoirí.  Gheobhaidh tú na hacmhainní seo uile ar na leathanaigh ábhar dár suíomh www.jct.ie


































## Siompóisiam Eolaíochta Tionscnaimh

Tarlóidh Siompóisiam Eolaíochta Tionscnaimh na Sraithe Soisearaí do Mhúinteoirí (SSM) Dé Sathairn 14 Meán Fómhair 2019 ag Insititiúid Teicneolaíochta Chorcaí – Tá an clárú TOSAITHE anois! Tá lúcháir orainn an Siompóisiam Eolaíochta seo SSM a fhógairt– "(R) Éabhlóid – Leas a Bhaint as Poitéinseal". Dearbhófar an clár iomlán agus na hamanna go luath don chomhdháil lae seo. Seiceáil le do Phríomhoide nó d'ainmní chun sonraí a chlarú ag www.jctregistration.ie




Dá mba mhaith leat clárú ar cheann dár gceardlanna dhá uair in-scoile (le grúpaí beaga múinteoirí) do 2019 / 2020 léirigh do shuim trí chliceáil ar an gcnaipe oráiste CFL1 / CFL2


http://www.jctregistration.ie .

Rachaidh muid i dteagmháil leat faoin dáta agus faoin am.

# Imeachtaí Siompóisiam Ábhar agus Gearrchúrsaí



Tharla Siompóisiam Mata SSM ag Microsoft DreamSpace on 23 Márta. Tá Shane Flanagan, Ceann Foirne Mata SSM, le feiceáil anseo ag cur fáilte roimh mhúinteoirí agus á spreagadh le bheith ag comhoibriú agus ag roinnt a gcuid foghlama i rith an lae.




Buíochas mór leis an múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile uile a tháinig chugainn le haghaidh Siompóisiam spreagúil Eacnamaíocht Bhaile SSM Dé Sathairn25 Bealtaine ag Eastát Airfield, BÁC. Is iontach an méid smaointe a roinneadh ar an gcaoi le beocht a chur sa tsonraíocht inár seomraí ranga.



Tharla Siompóisiam Tíreolaíochta SSM Dé Sathairn 30 Márta in Powerscourt House. Thaispeáin an Dr. Siobhán Power ó Shuirbhé Geolaíoch na hÉireann an t-amharcóir mapaí s'acu do mhúinteoirí a thugann sraitheanna difriúla ithreacha agus míniúcháin orthu. Is acmhainn iontach é do scoláirí Tíreolaíochta na Sraithe Sóisearaí.

Ba é Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an t-ionad le haghaidh Siompóisiam Oideachas Reiligiúnach SSM a bhí ann Dé Sathairn, 6 Aibreán. Ceann de na buaicphointí ab ea é Tomi Reichental a thug fianaise chumhachtach ar a thaithí mar dhuine a tháinig slán ón Uileloscadh.







Cliceáil ar an íomhá le haghaidh gearrfhíseáin agus roinnt de bhuaicphointí an lae.

# Imeachtaí Siompóisiam Ábhar agus Gearrchúrsaí

Dé Sathairn 30 Márta rinne Foireann Bhéarla SSM ár n-imeacht SOAR a éascú, Deiseanna, Cuir Chuige agus Machnaimh a Roinnt, dírithe ar ghuth an scoláire, Filíocht agus Léiriú agus Cuir Chuige Chruthaitheacha i leith téacsanna neamhliteartha. Cliceáil anseo chun tuilleadh sonraí a fháil.







Bhí ár Siompóisiam ag Staidéar Gnó SSM Dé Sathairn 18 Bealtaine ag Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha. Ar an gclár bhí aoichainteoirí, seisiúin plé painéil agus cruinnithe teagaisc idirghníomhacha.



Lá den scoth ag RATH i gCampas Phádraig Dé Céadaoin, 8 Bealtaine. Gabhann Foireann Ghaeilge SSM buíochas mór leis na rannpháirtithe, lenár gcuid aoichainteoirí agus lenár gcomhghleacaithe ó COGG agus PDST a chuir go mór leis an Seimineár Náisiúnta!




Tharla an chéad Siompóisiam de chuid an Léinn Chlasaicigh Dé Sathairn 18 Bealtaine in Iarsmalann an Léinn Chlasaicigh in UCD. Chuir na rannpháirtithe aithne ar Scoil Seandálaíochta na hÉireann @SIAeducation agus ar Léigiún na hÉireann @legion_ireland a bhí go hiontach agus a chuireann fíorbheocht sa Léann Clasaiceach do scoláirí agus do dhaoine fásta. Cliceáil anseo le níos mó sonraí a fháil.




**Go raibh maith agaibh** sna scoileanna agus sna hionaid oideachais uile a chláraigh sonraí os cionn 11,000 múinteoir linn don cheardlann ar an sú hábhar teagaisc ar na mallaibh. Tá deireadh le clárú anois. Beidh na ceardlann seo ar siúl in Ionaid Oideachais ar fud na tíre i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2019.

## Cnuasaigh Cheannaireachta

Tá an fhoireann SSM ag obair go dlúth leis an Ionad do Cheannaireacht Scoile (CSL) agus le cnuasaigh cheannaireachta áirithe. Tá réimse tograí ann, ina measc cleachtas machnaimh, guth an scoláire, pleanáil chomhoibríoch le torthaí foghlama agus plé le páirtithe leasmhara.



## Comhdháil Cheannaireacht don Fhoghlaim

An Dr. Kathy Smith, ó Ollscoil Monash san Astráil, ag caint i mBÁC ar 17 Bealtaine le rannpháirtithe ag Comhdháil de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus SSM ar Cheannaireacht don Fhoghlaim.



# Ag Cabhrú leis an tSraith Shóisearach






Buíochas le corradh agus céad Comhlach, Comhairleoir agus Ceann Foirne SSM don Scoile Uile a thaistil chuig ceithre hionad ar fud na tíre Dé Sathairn 25 Bealtaine chun machnamh a dhéanamh ar an treo a bheas faoi Eispéireas Foghlaim Ghairmiúil na Scoile Uile an chéad bhlian eile.



Buíochas leis na **Comhlaigh CO** uile a bhailigh le cheile in Ionad Oideachais Laoise i mí Bealtaine lena dtuiscint a fhorbairt ar Shonraíocht Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí agus ar na Treoirlínte Measúnaithe don CO.




Leanadh le **Sraith Comhsheimineár** de chuid na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus SSM Dé hAoine 17 Bealtaine nuair a ceiliúradh an **tionscnamh Céim Suas**. Is tionscnamh é seo atá á mhaoiniú ag Ciste Barr Feabhais Scoileanna, atá á eagrú i gcomhar leis an gCigireacht agus le naoi scoil ar fud na tíre, agus atá dírithe ar chabhrú le scoileanna cleachtas an-éifeachtach a chur i bhfeidhm go daingean i gcomhthéacs leasú na Sraithe Sóisearaí.




Chruinnigh na **Comhlaigh OSSP** le chéile in Ionad Oideachais Átha Luain i mí Bealtaine le plé agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Eispéireas Foghlaim Ghairmiúil (EGF) do 2019/20.

*Buíochas lenár gComhlaigh agus ár scoileanna a chabhraigh le SSM chun tacaí EFG a fhorbairt agus a thabhairt i mbliana. Ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn.*

Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach — ARTS in Junior CYCLE

**Buíochas mór** leis na múinteoirí Teicneolaíochtaí agus Amharc-Ealaíne uile a tháinig chugainn i gcomhair Lá Náisiúnta Líníochta spreagúil ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Mhaigh Eo ar 18 Bealtaine. Is iontach an méid smaointe agus cleachtas a roinneadh. Tríd an líníocht cuireadh a lán beochta sa súgradh, sa tástáil agus sa chruthaitheacht.



## Próiseas an Dearaidh a Fhiosrú san Ealaín


Thug an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) i gcomhar le Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (DCCoI), clár FGL samhraidh dhá lá do mhúinteoirí Amharc-Ealaíne go luath i Meitheamh. Trí chur chuige teagmhálach, fuair múinteoirí blaiseadh ar mhodheolaíochtaí agus ar theicnící éagsúla chun cabhrú le teagasc agus le foghlaim sa seomra ranga.





# Tacaíocht na Scoile Uile do 2019/20

Dhírigh seimineár **Ceannaireacht an Earraigh** 2019 ar *Phleanáil Straitéiseach Scoláire-Lárnach*. D'fhéach sí le cabhrú le ceannairí scoile tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi chun curaclam a phleanáil don tSraith Shóisearach atá bunaithe ar riachtanais agus ar chomhthéacs, agus a bhfuil cur chuige scoláire-lárnach taobh thiar de. Le linn na ceardlainne mhachnaigh rannpháirtithe ar an bhfís don tSraith Shóisearach a shuíonn an scoláire i gceartlár a n-eispéiris oideachasúil féin agus d'fhiosraigh siad i dtaobh na gcinntí curaclaim a dhéanann ceannairí scoile ina scoil conas is féidir leo an scoláire a chur i lár báire.








Is gá go dtuigfeadh ceannairí scoile an fhoghlaim shaibhir ata ann do scoláirí sna measúnuithe rangbhunaithe agus na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá eatarthu ionas gur féidir linn próiseas a éascú le múinteoirí atá comhoibríoch, mothaolach agus solúbtha ina dhéanamh. Faightear an **láithreoireacht agus na hacmhainní** a úsáideadh i seimineár an Earraigh trí chliceáil ar na híomhánna seo.

Tá príomhdhátaí na **measúnuithe rangbhunaithe** do 2019/20 eisithe ag an CNCM. Rinne foireann cheannaireachta SSM doiciméad cabhrach chun cuidiú le ceannairí scoile pleanáil go comhoibríoch leis na dátaí seo don scoilbhliain 2019/20. Nascann an doiciméad seo le féilire measúnaithe na scoile ar aontaíodh leis le linn an tseimineáir Ceannaireacht an Earraigh 2019. Cliceáil ar na híomhánna chur teacht ar Phríomhdhátaí MRB 2019/20, Greille Pleanáil Chomhoibríoch MRB, Cleachtadh Téamach MRB agus Loga Foghlama Phleanáil Straitéiseach an Earraigh.




## Tacaí Ceannaireachta SSM 2019/20

Tá foireann cheannaireachta SSM anois ag céim na pleanála dár nEispéiris Foghlaim Ghairmiúil (EFG) do cheannairí scoile do 2019/20. Beidh na EFGnna seo bunaithe ar aiseolas a bailíodh ó bheith ag plé le ceannairí scoile le linn ár gcuid oibre leo in 2018/19 agus feacfar leis an tacaíocht is fearr a sholáthar do na riachtanais sa chóras sa réimse seo na ceannaireachta.
Beidh Seimineár Ceannaireachta an fhómhair á thabhairt trí na hionaid oideachais ar fud na tíre ó 5 Samhain go dtí 10 Nollaig 2019. Cuirfear scéala chuig scoileanna nuair a bheas an próiseas cláraithe tosaithe trí www.jctregistration.ie.

Má bhíonn aon cheist nó ábhar buartha agat i dtaca le ceannaireacht scoile agus an tSraith Shóisearach téigh i dteagmháil leis an bhfoireann cheannaireachta ag fiona.obrien@jct.ie agus helen.costello@jct.ie

In 2019/20, tugann Lá FGL na Scoile Uile rogha idir trí chonair do scoileanna agus iad ag díriú ar **Phleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach** ina gcomhthéacs féin.

Ag tús gach conaire bíonn deis ag rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar fheidhmiú an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) ina scoil féin go dtí seo agus ceisteanna pleanála a aithint do na scoláirí ina gcomhthéacs uathúil.

Sa seisiúin lár maidine bítear ag pleanáil i gcomhair foghlaim scoláirí. Beidh sí seo bunaithe ar na heispéiris agus ar an gcomhthuiscint a d'eascair as machnamh rannpháirtithe le linn an chéad seisiúin.

I seisiún na hiarnóna, beidh faill ag rannpháirtithe na heispéiris foghlama tá pleanáilte acu dá scoláirí a thaispeáint agus daingniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil a tharla i rith an lae. Is le linn an tseisiúin deiridh a shaineofar agus a aontófar na céimeanna a bheas le glacadh tar éis an Lá FGL don Scoil Uile a bheith thart.

Beidh an rogha a dhéantar maidir le conair nó le fócas an lae seo do **phleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach** ag brath ar chomhthéacs reatha na scoile agus ar na riachtanais FGL a bhaineann leis sin. Tar éis machnamh air sin agus comhrá leis an gCeann Foirne Réigiúnach SSM, is féidir le gach soil an tEispéireas Foghlaim Ghairmiúil is oiriúnaí ó na trí chonair seo a leanas a roghnú.

**Conair 1:** Pleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach – Pleanáil chun freastal ar riachtanais aitheanta ár scoláirí ar fud na scoile uile.



- Machnamh ar Theagasc agus ar Fhoghlaim Ardchaighdeáin
- Curaclam & Pleanáil a nascadh le freastal ar riachtanais aitheanta scoláirí thar chomhthéacs na scoile uile
- Foghlaim a leiriú agus a chomhroinnt

**Conair 2**: Pleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach - Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairisciú inár Seomraí Ranga.



- Machnamh na scoile uile ar theagasc agus ar fhoghlaim ardchaighdeáin
- Pleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama inár gcomhthéacs áitiúil
- Measúnú agus tuairisciú inár gcomhthéacs áitiúil

**Conair 3:** Pleanáil i gcomhair foghlaim scoláire-lárnach – Clár Foghlama Leibhéal 2 a dhaingniú sa seomra ranga príomhshrutha.



- Machnamh agus forbairt a dhéanamh ar chomhthuiscint ar oideachas ionchuimsitheach inár gcomhthéacs.
- CFL2nna a fhiosrú inár gcomhthéacs agus eispéiris oghlama a phleanáil do scoláirí ag leibhéail 2 & 3. Pleanáil don teagasc agus foghlaim inár gcomhthéacs áitiúil
- Foghlaim a léiriú agus a chomhroinnt

*Agus saoire an tsamhraidh ag tosú, is mian leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí an deis a thapú buíochas a ghlacadh leis na Ceannairí scoile, múinteoirí, foirne riaracháin, cúntóirí riachtanais speisialta, airigh, glantóirí agus gach duine eile a d'oibrigh linn agus ar ár son le linn 2018/2019. Bíodh sos sona suaimhneach agaibh.*

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Junior Cycle for Teachers (JCT) Support Service

Administrative Office:
Monaghan Ed. Centre | Armagh Road | Monaghan
Tel.: 047 74008

Director's Office:
LMETB | Chapel Street | Dundalk
Tel.: 042 9364603